Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

# Ráiteas Straitéise 2025 – 2027, An Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais

## 1. Réamhrá

Fáiltíonn Gaeloideachas, mar eagraíocht tacaíochta na naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht, mar aon leis na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, roimh an deis aighneacht a chur faoi bhráid na Roinne ag freagairt do chuireadh ar aighneacht maidir le forbairt ráiteas straitéise 2025 – 2027.

Aithníonn Gaeloideachas an dul chun cinn atá á dhéanamh i bhforbairt earnáil na luathbhlianta agus i bproifisúnú foirne na hearnála. Aithníonn Gaeloideachas an ról lárnach agus criticiúil a imríonn na naíonraí agus a gcuid foirne i bhforbairt, cruthú agus cothú eispéiris dearfacha do pháistí óga, agus sa mbreis air sin, forbairt an pháiste a chur chun cinn i suíomh tumoideachais. Is iomaí bua a bhronntar ar pháistí trí bheith tumtha sa dara theanga, sé sin sa Ghaeilge i gcás tumoideachais in Éirinn. Is iomaí dua áfach a théann leis an suíomh seo don mhúinteoir. Díreofar san aighneacht seo ar na cuspóirí ardleibhéil ar mian le Gaeloideachas, thar ceann na naíonraí a fheiceáil i ráiteas straitéise.

Nótáiltear nár cuireadh leagan Gaeilge den cháipéisíocht chomhairliúcháin ar fáil. Déanann an easpa soláthair seo rannpháirtíocht sa phróiseas a theorannú. Pléann naíonraí, mar a dhéanann Gaeloideachas, leis an earnáil luathbhlianta trí Ghaeilge. Cruthaíonn sé obair bhreise do na páirtithe seo dul i ngleic le cáipéisíocht chomhairliúcháin trí Bhéarla.

**Moladh Gaeloideachas**

Go bhfoilseofaí an cháipéisíocht chomhairliúcháin seo agus go ginearálta go dátheangach – agus go comhuaineach le cáipéisíocht Bhéarla le bheith cothrom ar na páirtithe uile agus chun rannpháirtíocht chothrom a spreagadh sa phróiseas. Chabhródh sé le muinín a léiriú i luach agus áit thábhachtach na naíonraí sa tírdhreach luathbhlianta.

## 2. Comhthéacs na Naíonraí Lasmuigh den Ghaeltacht

Fáiltíonn Gaeloideachas go mór roimh an phlean atá á fhorbairt ó 2023 ag an Roinn Leanaí don Ghaeilge sna luathbhlianta. Tréaslaíonn Gaeloideachas leis an Roinn as próiseas

comhairliúcháin cuimsitheach ina leith. Má thugtar feidhm do na moltaí a tháinig chun cinn ón bpobal lena linn – a chuimsigh sainmhíniú ar naíonra mar sheirbhís luath-thumoideachais, scéim aitheantais le tacaíochtaí cuí, córas meantóireachta agus go leor eile a thacódh le seirbhísí lán-Ghaeilge inmharthana agus ionchuimsitheacha do leanaí óga – beidh bunús láidir ann. Tugaimid faoi deara, áfach, nach bhfuil aon ghealltanais i ráiteas an Aire seachas go mbreithneofar na nithe thuasluaite.

**Moladh Gaeloideachas**

Go bhfoilseofar dréacht den phlean le haghaidh comhairliúchán roimh dheireadh an téarma, le go mbeidh deis ag an bpobal aiseolas a thabhairt air sula bhfoilseofar an leagan deiridh. Tá sé tábhachtach go mbraithfeadh an pobal úinéireacht ar an bplean. Tá sé riachtanach go léireofaí go láidir mian agus tiomantas na Roinne don Ghaeilge agus don tumoideachas.

### Líon na Naíonraí

I suirbhé na Roinne Leanaí i 2023, is 53 naíonra lasmuigh den Ghaeltacht a thug le fios go bhfuil siad ag feidhmiú go hiomlán trí Ghaeilge – figiúir atá an-íseal i gcomparáid le líon na mbunscoileanna lán-Ghaeilge (153 lasmuigh den Ghaeltacht sna 26 contae). Tá ar a laghad 17 naíonra lasmuigh den Ghaeltacht dúnta le deich mbliana anuas. Baineann dúnadh na naíonraí seo go príomha leis an bhfírinne lom nach féidir foireann a earcú nó a choinneáil toisc coinníollacha pá san earnáil – agus deiseanna caillte do na céadta páistí Gaeilge a shealbhú agus iad ag tús a n-aistear oideachais.

## 3. Sainmhíniú ar 'Naíonra'

Mar a sheasann, níl aitheantas ann don mhúnla tumoideachais, mar go bhfuil 'Irish-medium setting' in úsáid ag an Roinn Leanaí le cur síos a dhéanamh ar raon seirbhísí a thuairiscíonn go bhfuil Gaeilge in úsáid acu. Níl aitheantas á fháil ag na seirbhísí a chuireann luath-thumoideachas ar fáil.

Aithnítear gur mórsprioc de chuid an phlean atá á fhoilsiú don Ghaeilge sna luathbhlianta an Ghaeilge a chur chun cinn trasna na hearnála sna seirbhísí Béarla. Moltar an sprioc seo. Ní mór áfach a bheith an-soiléir ag leibhéal pholasaí agus gnímh nach ionann an tacaíocht seo agus tacaíocht don suíomh tumoideachais. Go teangeolaíoch agus ó thaobh éiteas de, is dhá foras iomlán éagsúil iad.

In éagmais sainmhíniú oifigiúil, móide scéim aitheantais a eascraíonn as, ní fios don phobal cé na seirbhísí a chuireann tumoideachas ar fáil nó cén chur chuige atá i gceist le suíomh tumoideachais. Tá obair den chéad scoth ar bun ar an talamh sna naíonraí, ach níl cúiteamh á fháil air agus níl sé inmharthana mar chur chuige mura ndéantar imfhálú ar infreastruchtúr tacaíochta don naíonra, ag tosú le sainiú oifigiúil ar an téarma.

**Moladh Gaeloideachas**

Sainmhíniú a aontú ar Naíonra mar fhoras tumoideachais agus raon bhearta tacaíochta a chinntíonn feidhmiú éifeachtach an naíonra a aithint agus a fheidhmiú.

## 4. Fís i leith na Luathbhlianta trí Ghaeilge

Tá forbairt físe do na luathbhlianta trí Ghaeilge criticiúil d'inmharthanacht na hearnála. Aithnítear an obair mhór atá ar bun chun forbairt plean Náisiúnta don Ghaeilge sna luathbhlianta a bhaint amach. Ní hionann seo áfach agus fís do na luathbhlianta trí Ghaeilge – sé sin na naíonraí. D'fháilteodh an pobal roimh soiléiriú agus sainiú ar fhís, agus roimh an deis comhairliúchán a dhéanamh ina leith.

## 5. Na Luathbhlianta Gaeilge sa Ráiteas Straitéise

Aithnítear gur spriocanna ardleibhéil atá sa Ráiteas Straitéise de chuid na Roinne. Ar an mbonn sin, ní mór go n-aithnítear an earnáil luathbhlianta trí Ghaeilge go sonrach agus go sainiúil sa Ráiteas mar léiriú ar thiomantas na Roinne don earnáil seo atá ag cur oideachas agus cúram na luath-óige ar fáil trí mheán ceann den dá theanga oifigiúil sa tír.

Ó thaobh struchtúr eagraíochtúil, agus i gcomhthéacs riachtanais ar leith na luathbhlianta trí Ghaeilge, moltar rannóg ar leith a bhunú sa Roinn a dhíríonn ar chur chun cinn an tumoideachais sna luathóige. D'éascódh sé seo soláthar mar seo struchtúr tacaíochta agus freastal sainiúl ar an earnáil seo.

## 6. Tacaíocht do Sheirbhísí ar Ardchaighdeán agus Inmharthana

I gcás na luathbhlianta trí mheán na Gaeilge agus chun tacú leis an gcuspóir straitéiseach ardchaighdeán agus inmharthanacht na luathbhlianta a bhaint amach, ní mór gealltanas an Stáit an Ghaeilge a chur chun cinn a chomhlíonadh trí chur chuige bunaithe ar chearta a chur i bhfeidhm i leith oideachas agus cúram na luath-óige trí mheán na Gaeilge.

Ní mór a chinntiú go bhfuil bunús eolaíoch taighde-bhunaithe ann i gcomhthéacs na luathbhlianta trí mheán na Gaeilge mar spriocghrúpa iontu féin. Tá an raon agus scóip taighde ag leathnú ach i réimse na luathbhlianta Gaeilge tá sé easnamhach, rud a chiallaíonn nach bhfuil bunús taighde le forbairt pholasaithe.

Ní mór oideachas agus cúram luath-óige ardchaighdeáin trí mheán na Gaeilge a bheith inrochtana agus cuimsitheach ionas gur féidir le tuismitheoirí an tumoideachas lán-Ghaeilge a roghnú dá bpáistí gan chomhréiteach agus le muinín.

## 7. Riachtanais Bhreise Oideachais sa Naíonra

Ní mór fócas ar leith a bheith ar luath-idirghabháil agus tacaíocht réamhghníomhach. Aithníonn taighde atá idir lámha ar son Gaeloideachas ar riachtanais bhreise oideachais sa naíonra go bhfuil leibhéal an tsoláthair agus na tacaíochta an-íseal. Coscann sé seo ar inrochtaineacht agus inmharthanacht na naíonraí. I measc na n-easnamh áirítear:

- Foirne le cáilíocht chuí oilte sa réimse RBO anuas ar oilte ar an tumoideachas
- Forbairt ghairmiúil leanúnach chuí

- Acmhainní Stáit trí Ghaeilge don luathoideachas
- Córas tacaíochta do mhúinteoirí luathoideacha i réimse an RSO –le soláthar de speisialtóirí urlabhra, siceolaí srl
- Raon taighde sa réimse RBO réamhscoile agus foghlaim an dara/ triú teanga.

Tá Gaeloideachas ar fáil le plé a dhéanamh ar ábhar na haighneachta seo.

Bealtaine 2025